

Toghchán Uachtaránachta na Fraince

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin gcéad bhabhta vótála de thoghchán uachtaránachta na Fraince. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail agus ar na frásaí seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad?

- tacú le
- ceannaire na heite deise
- ballraíocht
- tuisle a bhaint as duine
- a chuid a shaothrú
- rud a chaitheamh in aer
- páirtí liobrálach
- aois scoir
- beidh an lá ag ...
- ag spreagadh



Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí leis an teagascóir iad.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. Cén cúlra atá ag Emmanuel Macron?
2. Cén chuma atá ar Emmanuel Macron?

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cad a dúirt François Hollande faoin toghchán?
2. Déan cur síos ar pholasaithe Marine Le Pen.
3. Cén fáth a gceapann John Maguire go bhfuil an chéad bhabhta vótála seo an-suimiúil ar fad?

Ceist 4 ‘...Má éiríonn leis, beidh sé ar an uachtarán is óige riamh ar an tír...’

A. Féach ar na samplaí eile seo, chomh maith leis an gceann thuas, chun na rialacha a bhaineann le **má** a mhíniú.

- ✓ Má théann tú go dtí an siopa, ceannaigh an nuachtán.
- ✓ Má tá tú i gceart, imeoimid.
- ✓ Má bhíonn sí ann, labhróidh mé léi.
- ✓ Mura bhfaigheann tú scéala uaim, ní bheidh mé ag teacht.

B. Aistrigh na habairtí seo go Gaeilge:

- (1) If they come home, tell them I had to leave.
- (2) If you eat that, you'll be sick.
- (3) If she doesn't do any work, she'll fail her test.
- (4) If your mother sees you there, she'll be very angry.
- (5) If you don't get an answer before 5pm, you can be sure they won't come.

Ceist 5 '...7.5 milliún vóta a fuair **sise**...'

- A. Cad é an difear idir 'sí' agus 'sise'? Cén fáth ar úsáideadh an fhoirm threise 'sise' san abairt thuas?
- B. Cad iad na foirmeacha treise atá ag na forainmneacha pearsanta seo a leanas?:

<i>mé</i>	
<i>tú</i>	
<i>sé, é</i>	
<i>sí, í</i>	<i>sise, ise</i>
<i>muid/ sinn</i>	
<i>sibh</i>	
<i>siad</i>	

- C. Cum seacht n-abairt anois, ag úsáid na bhfoirmeacha treise de gach forainm pearsanta.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén fáth a bhfuil aird an domhain ar thoghchán na Fraince?
2. Tá borradh tagtha ar ghluaiseacht na heite deise ar fud an domhain le cúpla bliain anuas. Cén fáth, dar leat?
3. Ar cheart d'Éirinn imeacht ón AE, mar a rinne an Ríocht Aontaithe? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- tacú le – *to endorse, support*
- ceannaire na heite deise – *the right wing leader*
- ballraíocht – *membership*
- tuisle a bhaint as duine – *to trip someone up*
- a chuid a shaothrú – *to earn his living*
- rud a chaitheamh in aer – *to abandon something*
- páirtí liobrálach – *liberal party*
- aois scoir – *retirement age*
- beidh an lá ag ... – *... will win (will have the day)*
- ag spreagadh – *motivating*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

A.

- ✓ Má éiríonn leis, beidh sé ar an uachtarán is óige riamh ar an tír.
*Úsáidtear **Má** agus an aimsir láithreach chun tagairt don am atá le teacht.*
- ✓ Má théann tú go dtí an siopa, ceannaigh an nuachtán.
*Séimhítear túschonsain a leanann **Má** de ghnáth.*
- ✓ Má tá tú i gceart, imeoidimid.
*Ní séimhítear **tá** tar éis **Má**.*
- ✓ Má bhíonn sí ann, labhróidh mé léi.
*Úsáidtear an aimsir ghnáthláithreach den bhriathar **bí** chun tagairt don am atá le teacht.*
- ✓ Mura bhfaigheann tú scéala uaim, ní bheidh mé ag teacht.
*Leanann urú **mura**, an leagan diúltach de **Má**.*

B.

- (1) Má thagann siad abhaile, abair leo go raibh orm imeacht.
- (2) Má itheann tú é sin, beidh tú tinn.
- (3) Mura ndéanann sí aon obair, teipfidh uirthi sa scrúdú.
- (4) Má fheiceann do mháthair ansin tú, beidh fearg uirthi.
- (5) Mura bhfaigheann tú scéala faoin 5 a chlog, bí cinnte nach dtiocfaidh siad.

Ceist 5

- A. Is é 'sise' foirm threise an fhorainm 'sí'. Úsáidtear na foirmeacha seo le béim a chur ar an bhforainm. Déantar é seo go minic nuair a chuirtear an cheist chéanna ar bheirt, nó nuair atá codarsnacht á léiriú idir bheirt. m.sh.

Conas atá tú? Go maith. Conas atá *tusa*?

8 milliún vóta a fuair Macron ... 7.5 milliún vóta a fuair *sise*.

B. Foirmeacha treise na bhforainmneacha:

<i>mé</i>	<i>mise</i>
<i>tú</i>	<i>tusa</i>
<i>sé, é</i>	<i>seisean, eisean</i>
<i>sí, í</i>	<i>sisé, íse</i>
<i>muid, sinn</i>	<i>muidne, sinne</i>
<i>sibh</i>	<i>sibhse</i>
<i>siad, iad</i>	<i>siadsan, iadsan.</i>

C.

Is *mise* an múinteoir!

Ní chreidim gur *tusa* a dúirt é sin.

Má deir *seisean* é, creid é.

Ise an bhean a bhfuil a mac ag obair liom.

Chuaigh *muidne* ann ar maidin, ach ní fhaca muid é.

Caithfidh *sibhse* imeacht anois.

Níl *siadsan* ag teacht linn, níl cead acu.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Bhur gcéad fáilte ar ais. Tá Uachtarán na Fraince, François Hollande, ag iarraidh ar lucht vótála tacú le Emmanuel Macron, an t-iarrthóir sa Lár, agus diúltú do cheannaire na heite deise, Marine Le Pen. Dúirt Hollande go bhfuil ballraíocht na Fraince san Aontas Eorpach agus a háit sa domhan i mbaol.

Maolra M. Mac Donnchadha

Bhí vóta mór millteach sa bhFrainc¹ inné. 79% agus seo an té a bhain tuisle as na boic mhóra. Tríocha a naoi atá Emmanuel Macron. Má éiríonn leis, beidh sé ar an uachtarán is óige riamh ar an tír.

Tar éis a chuid a shaothrú le banc Rothschild, bhí sé ina Aire Rialtais ag François Hollande, ach chaith sé in aer é sin agus tá a pháirtí féin bunaithe aige, *En Marche!*, páirtí liobrálach ó thaobh geilleagair agus fíorbháúil leis an Aontas Eorpach. 8 milliún vóta a fuair Macron, 24%, chun cinn ar Marine Le Pen, a d'aimsigh 22%. 7.5 milliún vóta a fuair sise, an líon is airde fós ag an bhFrónta Náisiúnta, atá ag iarraidh gearradh siar go mór ar imircigh ag teacht chun na Fraince, ag iarraidh leasú mór ar an AE agus reifreann faoi bhallraíocht san Aontas, agus ag iarraidh cearta an lucht oibre faoi uaireanta oibre agus aois scoir a chosaint.

John Maguire, Iriseoir, Páras

Tá rogha an-suimiúil ar fad, mar ar thaobh amháin, tá eite dheis an-láidir, ar nós Donald Trump, más maith leat. Agus, ar an taobh eile, tá an liobrálach, atá idirnáisiúnta agus atá fá choinne na hEorpa. Ach, sílim go mbeidh an lá ag Emmanuel Macron. Tá na páirtithe uilig go léir, na páirtithe traidisiúnta, uilig go léir ag spreagadh daoine le dul amach ag vótáil fá choinne Emmanuel Macron.

Faoi cheann coicíse a bheidh an vóta cinniúnach.

Maolra Mac Donnchadha, Nuacht TG4.

¹ Córas Chonnacht